Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Aibreán 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0097(NLE)**

**9372/24
ADD 1**

**POLCOM 173
FDI 45**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Aibreán 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 178 final - ANNEX |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh atá beartaithe i ndáil le rialacha forlíontacha le haghaidh nósanna imeachta brostaithe chun díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach, go háirithe le haghaidh daoine nádúrtha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 178 final - ANNEX.

---

Faoi iamh: COM(2024) 178 final - ANNEX

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.4.2024
COM(2024) 178 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste CETA a bunaíodh faoin gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh an chinnidh atá beartaithe i ndáil le rialacha forlíontacha le haghaidh nósanna imeachta brostaithe chun díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach, go háirithe le haghaidh daoine nádúrtha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide**

GA GA

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHTCHINNEADH Uimh. [XX/2024]**
**ó CHOMHCHOISTE CETA**

**an…[dáta]**

**lena nglactar rialacha forlíontacha le haghaidh nósanna imeachta brostaithe chun díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach, go háirithe le haghaidh daoine nádúrtha agus fiontair bheaga agus mheánmhéide**

Tá Comhchoiste CETA,

Ag féachaint d'Airteagal 26.1 den Chomhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada, de pháirt, agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile ('an Comhaontú'),

De bhun Airteagal 8.39.6 den Chomhaontú, lena bhforáiltear go mbreithneoidh Comhchoiste CETA rialacha forlíontacha a bhfuil d'aidhm aige laghdú a dhéanamh ar an ualach airgeadais atá ar éilitheoirí ar daoine nádúrtha nó fiontair bheaga agus mheánmhéide iad,

Agus aird chuí á tabhairt aige ar an Ionstraim Léirmhínitheach Chomhpháirteach ar an gComhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála (CETA) idir Ceanada agus an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, inar gheall na Páirtithe faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na rialacha infheistíochta uile sin, aghaidh a thabhairt go tráthúil ar aon easnamh a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí feabhas leanúnach a chur ar a bhfeidhmiú le himeacht ama,

Ag féachaint le tacú le cur chuige uilechuimsitheach maidir le trádáil agus infheistíocht, lena bhféachtar lena áirithiú go mbeidh gach cuid den tsochaí in ann leas a bhaint as na deiseanna eacnamaíocha a eascraíonn ón trádáil agus ón infheistíocht,

Á mheabhrú dó Ráiteas Uimh. 36 ón gCoimisiún Eorpach agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le ''cosaint infheistíochta agus an Córas Cúirte Infheistíochta', arna chur isteach i miontuairiscí Chomhairle an Aontais Eorpaigh i ndáil le síniú an Chomhaontaithe agus a ghabhann le Cinneadh (AE) 2017/37 ón gComhairle an 28 Deireadh Fómhair 2016, lena n-áirítear an gealltanas go mbeidh rochtain níos fearr agus níos fusa ag na húsáideoirí is leochailí, is iad sin fiontair bheaga agus mheánmhéide agus daoine príobháideacha, ar shásra an Chomhaontaithe um réiteach díospóidí infheistíochta,

Ag féachaint do Thuairim C-1/17 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann lena áirithiú go mbeidh an shásra an Chomhaontaithe um réiteach díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach inrochtana ó thaobh airgid de, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide,

Ag aithint dó an tábhacht a bhaineann le rialacha soiléire, trédhearcacha agus comhthairbheacha chun infheistíocht i gcríocha na bPáirtithe faoi seach a chur chun cinn,

Ós mian leis tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide trí fheabhas a chur ar a gcumas a bheith rannpháirteach agus leas a bhaint as na deiseanna arna gcruthú leis an gComhaontú,

Ag féachaint le rochtain ar na deiseanna arna gcruthú leis an gComhaontú, agus an cumas leas a bhaint as na deiseanna sin, a fheabhsú agus ag féachaint le tacú leis na coinníollacha le haghaidh rannpháirteachas iomlán sa trádáil agus infheistíocht intíre, réigiúnach agus idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

**Airteagal 1: Raon feidhme agus cuspóir**

Is é is cuspóir don Chinneadh seo inrochtaineacht a mhéadú agus na costais a bhaineann le réiteach díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a laghdú, go háirithe do dhaoine nádúrtha nó fiontair bheaga agus mheánmhéide tríd an méid seo a leanas:

(a) rialacha forlíontacha a leagan amach le haghaidh infheisteoirí, go háirithe daoine nádúrtha nó fiontair bheaga agus mheánmhéide, chun rochtain ar nós imeachta brostaithe iarraidh, chun díospóidí infheistíochta a réiteach faoi Roinn F (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) de Chaibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú; agus

(b) nósanna imeachta brostaithe chun díospóidí infheistíochta a leagan amach faoi Roinn F (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) de Chaibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú.

**Airteagal 2: Rochtain ar an nós imeachta brostaithe**

1. Féadfaidh infheisteoir Páirtí rochtain ar nós imeachta brostaithe a iarraidh chun díospóid infheistíochta a réiteach i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Cuirfidh an t-infheisteoir an iarraidh faoi bhráid an fhreagróra agus an Bhinse tráth nach déanaí ná an dáta a chuirfear éileamh isteach faoi Airteagal 8.23 den Chomhaontú. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméad:

    (a) faisnéis maidir le struchtúr úinéireachta an infheisteora, agus más infheidhme, an fiontar atá bunaithe go háitiúil a bhfuil an iarraidh á cur isteach thar a cheann, nó aon duine cleamhnaithe eile;

    (b) na ráitis airgeadais is déanaí ón infheisteoir, agus más infheidhme, ón bhfiontar atá bunaithe go háitiúil a bhfuil an iarraidh á cur isteach thar a cheann, nó aon duine cleamhnaithe eile;

    (c) cruthúnas go bhfuil an t-infheisteoir ina dhuine de Pháirtí; agus

    (d) faisnéis maidir le líon fostaithe an infheisteora, agus más infheidhme, an fhiontair atá bunaithe go háitiúil a bhfuil an iarraidh á cur isteach thar a cheann, nó aon duine cleamhnaithe eile.

    Ina theannta sin, moltar go tréan don infheisteoir aon fhaisnéis a sholáthar maidir leis na cúiseanna a mheasann sé go bhfuil an nós imeachta brostaithe iomchuí faoi imthosca an éilimh.

2. Déanfaidh an freagróir breithniú tuisceanach ar iarraidh faoi mhír 1 más duine nádúrtha nó fiontar beag nó meánmhéide é an t-infheisteoir, agus i gcás nach mbeidh méid na ndamáistí a éilítear níos airde ná coibhéis SDR 40 000 000. Agus breithniú á dhéanamh ag an bhfreagróir an fiontar beag nó meánmhéide é an t-infheisteoir, cuirfidh méid an infheisteora mar fhiontar agus, i gcás go mbeidh an t-éileamh á chur isteach thar cheann fiontair, méid an fhiontair sin san áireamh, lena n-áirítear na tosca seo a leanas: líon na bhfostaithe, láimhdeachas bliantúil, struchtúr úinéireachta, agus aon toisc eile a mheasann an freagróir a bheith ábhartha.[1]

[1] I gcás go mbeidh an tAontas Eorpach nó Ballstát den Aontas Eorpach ina fhreagróir, d'fhéadfaí an Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le 'micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú' (2003/361/CE) a chur san áireamh nuair a bheifear ag cinneadh an fiontar beag nó meánmhéide é an fiontar a bhfuil an iarraidh á cur isteach thar a cheann.

3. Sula ndéanfaidh sé aon chinneadh maidir le hiarraidh faoi mhír 1, féadfaidh an freagróir faisnéis bhreise a iarradh ar a infheisteoir. A mhéid a aithníonn an freagróir ábhar imní maidir le hoiriúnacht an nós imeachta brostaithe, féadfaidh sé an t-infheisteoir a chur ar an eolas agus aon fhaisnéis is gá a iarradh chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin. Féadfaidh na páirtithe díospóideacha a phlé an bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin trí shíneadh a chur leis na hamlínte a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 nó trí ghníomhaíocht chomhaontaithe eile a dhéanamh.

4. Cuirfidh an freagróir an t-éilitheoir agus an Binse ar an eolas, i scríbhinn, maidir lena chinneadh i ndáil le hiarraidh faoi mhír 1 laistigh de 45 lá ó dháta chur isteach an éilimh faoi Airteagal 8.23 den Chomhaontú, ach amháin i gcás go gcomhaontóidh na páirtithe díospóideacha amlíne eile le haghaidh an fhógra. I gcás nach nglacfaidh an freagróir leis an iarraidh, tabharfaidh sé bonn cirt maidir lena chinneadh ina fhógra chuig an éilitheoir.

5. I gcomhréir le hAirteagal 8.38 den Chomhaontú, cuirfidh an freagróir an Páirtí neamhdhíospóideach ar an eolas go pras maidir le hiarraidh arna déanamh ag infheisteoir faoi mhír 1 agus maidir lena chinneadh faoi mhír 4.

6. Roinn F (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) de Chaibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú, arna mhodhnú leis an gCinneadh seo, beidh feidhm aige i ndáil leis an díospóid i gcás go gcomhaontóidh na páirtithe díospóideacha le nós imeachta brostaithe.

**Airteagal 3: Comhdhéanamh an Bhinse**

1. Tabharfaidh comhalta aonair den Bhinse éisteacht d'éileamh atá faoi réir nós imeachta brostaithe de bhun Airteagal 2(6).

2. Ceapfaidh Uachtarán an Bhinse an Comhalta aonair den Bhinse ó na náisiúnaigh tríú tír, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 8.27.7 den Chomhaontú, arna mhodhnú leis an gCinneadh seo, laistigh de 30 lá ón dáta a dhéanfar an fógra maidir le cinneadh an fhreagróra toiliú le hiarraidh faoi Airteagal 2(4).

3. Áiritheoidh an Comhalta aonair den Bhinse go mbeidh sé ar fáil i ndáil leis na hamlínte brostaithe a leagtar amach in Airteagal 5.

4. Cloífidh an Comhalta aonair den Bhinse le Cinneadh Uimh. 001/2021 ón gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht an 29 Eanáir 2021 lena nglactar cód iompair do Chomhaltaí an Bhinse, Comhaltaí an Bhinse Achomhairc agus idirghabhálaithe.

5. I gcás go dtitfidh an díospóid faoi Airteagal 13.21.1 den Chomhaontú, roghnófar Comhalta aonair den Bhinse, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 8.27.7 agus 13.21.2 den Chomhaontú, arna modhnú leis an gCinneadh seo.

**Airteagal 4: An chéad seisiún sa nós imeachta brostaithe**

1. Tionólfaidh an Comhalta aonair den Bhinse céad seisiún laistigh de 30 lá ón tráth a bhunófar an Binse faoi Airteagal 3.

2. Tionólfaidh an Comhalta aonair den Bhinse an chéad seisiún trí fhíschomhdháil, ar an teileafón nó le modh cumarsáide dá samhail, ach amháin i gcás ina

gcomhaontóidh an dá páirtí dhíospóideacha agus an Comhalta aonair den Bhinse go ndéanfar é a thionól go pearsanta.

**Airteagal 5: An sceideal nós imeachta don nós imeachta brostaithe**

1. Ach amháin i gcás go gcomhaontóidh na páirtithe díospóideacha a mhalairt, beidh feidhm ag an sceideal seo a leanas maidir le haighneachtaí i scríbhinn agus beidh feidhm ag an éisteacht sa nós imeachta brostaithe:

(a) laistigh de 90 lá ón gcéad seisiún, déanfaidh an t-éilitheoir príomhaighneacht ar na fiúntais, amhail meabhrachán, a chomhdú, nach faide ná 150 leathanach;

(b) laistigh de 90 lá tar éis don éilitheoir a phríomhaighneacht ar fhiúntais a chomhdú de bhun fhomhír (a), déanfaidh an freagróir príomhaighneacht ar na fiúntais, amhail frithmheabhrachán, a chomhdú, nach faide ná 150 leathanach;

(c) laistigh de 90 lá tar éis don fhreagróir a phríomhaighneacht ar na fiúntais a chomhdú de bhun fhomhír (b), déanfaidh an t-éilitheoir freagra nach faide ná 100 leathanach a chomhdú;

(d) laistigh de 90 lá tar éis don fhreagróir a phríomhaighneacht ar fhiúntais a chomhdú de bhun fhomhír (c), déanfaidh an t-éilitheoir athfhreagra nach faide ná 100 leathanach a chomhdú;

(e) laistigh de 60 lá tar éis don fhreagróir an t-athfhreagra a chomhdú de bhun fhomhír (d), féadfaidh an Páirtí neamhdhíospóideach aighneacht i scríbhinn maidir le léiriú an Chomhaontaithe seo a chomhdú de bhun Airteagal 8.38.2 den Chomhaontú;

(f) tionólfaidh an Comhalta aonair den Bhinse éisteacht laistigh de 120 lá tar éis don fhreagróir an t-athfhreagra a chomhdú de bhun fhomhír (d);

(g) déanfaidh gach páirtí díospóideach ráiteas costas a chomhdú laistigh de 30 lá ó lá deireanach na héisteachta dá dtagraítear i bhfomhír (f); agus

(h) tabharfaidh an Comhalta aonair den Bhinse an dámhachtain a luaithe is féidir, agus i gcás ar bith laistigh de 180 lá ó lá deireanach na héisteachta dá dtagraítear i bhfomhír (f).

2. Mura ndéanfaidh an t-éilitheoir aon bheart sna himeachtaí, féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse tréimhse chairde nach faide ná 30 lá a thabhairt don éilitheoir. Mura dtabharfar an tréimhse chairde, nó mura ndéanfaidh an t-éilitheoir aon bheart laistigh den tréimhse ama sin, measfar go mbeidh a éileamh tarraingthe siar ag an éilitheoir agus go mbeidh scortha aige de na himeachtaí, i gcomhréir le hAirteagal 8.35 den Chomhaontú, arna mhodhnú leis an gCinneadh seo.

3. Mura ndéanfaidh an t-éilitheoir aon bheart sna himeachtaí, féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse tréimhse chairde nach faide ná 30 lá a thabhairt don éilitheoir. Mura dtabharfar an tréimhse chairde, nó mura ndéanfaidh an t-éilitheoir aon bheart laistigh den tréimhse ama sin, féadfaidh an t-éilitheoir a iarraidh ar an gComhalta aonair den Bhinse aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna arna gcur faoina bhráid agus dámhachtain a bhronnadh.

4. Arna iarraidh sin ag páirtí díospóideach, féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse iarrataí teoranta a cheadú le haghaidh doiciméid atá in-sainaitheanta go sonrach a

bhaineann leis an gcás agus atá ábhartha maidir lena thoradh a bhfuil a fhios ag an bpáirtí díospóideach iarrthach gurbh ann dóibh, nó a bhfuil cúis mhaith aige creidiúint amhlaidh, agus atá i seilbh, i gcoimeád nó faoi rialú an pháirtí dhíospóidigh eile, agus déanfaidh sé an sceideal faoi mhír 1 a mhodhnú mar is iomchuí.

5. Féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe díospóideacha, srian a chur le líon, fad nó raon feidhme na n-aighneachtaí i scríbhinn nó na fianaise i scríbhinn ó fhinnéithe (finnéithe agus saineolaithe araon).

6. Féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse, arna iarraidh sin go comhpháirteach ag na páirtithe díospóideacha, an díospóid a chinneadh ar bhonn na ndoiciméad arna gcur isteach ag na páirtithe díospóideacha, agus ar an mbonn sin amháin, gan éisteacht agus gan ceistiú srianta ar fhinnéithe agus saineolaithe. I gcás go dtionólfaidh an Comhalta aonair den Bhinse éisteacht faoi fhomhír 1(f), féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse an éisteacht sin a reáchtáil trí fhíschomhdháil, ar an teileafón nó le modh cumarsáide dá samhail.

7. Tar éis do na páirtithe díospóideacha iarraidh chomhpháirteach a dhéanamh, agus tráth nach déanaí ó dháta comhdaithe phríomhaighneacht an fhreagróra ar na fiúntais dá dtagraítear i mír 1(b), cinnfidh an Comhalta aonair den Bhinse nach bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo leis an éileamh a thuilleadh.

8. Arna iarraidh sin ag an éilitheoir, agus tráth nach déanaí ó dháta comhdaithe phríomhaighneacht an fhreagróra ar na fiúntais dá dtagraítear i mír 1(b), féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse cinneadh a dhéanamh nach bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an éileamh a thuilleadh. Íocfaidh an t-éilitheoir costais na n-imeachtaí arna dtabhú ag an bhfreagróir sa nós imeachta brostaithe.

9. Arna iarraidh sin ag an bhfreagróir, agus tráth nach déanaí ó dháta comhdaithe phríomhaighneacht an fhreagróra ar na fiúntais dá dtagraítear i mír 1(b), féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse cinneadh a dhéanamh nach bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an éileamh a thuilleadh i gcás go gcuirfidh an t-éilitheoir faisnéis bhréagach nó mhíthreorach ar fáil atá ábhartha do chinneadh an freagróra toiliú leis an nós imeachta brostaithe faoi Airteagal 2(4), agus sa chás sin amháin. Sa chás sin, íocfaidh an t-éilitheoir costais na n-imeachtaí arna dtabhú ag an bhfreagróir sa nós imeachta brostaithe.

10. I gcás, de bhun mhír 8 nó mhír 9, go gcinnfidh an Comhalta aonair den Bhinse nach bhfuil feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis an éileamh a thuilleadh, agus mura gcomhaontóidh na páirtithe díospóideacha a mhalairt, ceapfar an Comhalta aonair den Bhinse arna ainmniú de bhun Airteagal 3 mar Chomhalta ceannais den Bhinse arna bhunú faoi Roinn F (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) de Chaibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú. Cinnfidh an Binse nua arna bhunú de bhun Roinn F, tar éis dul i gcomhairle leis na páirtithe díospóideacha, conas stádas na n-imeachtaí ar cuireadh tús leo faoin gCinneadh seo a chur san áireamh.

11. Maidir le gach ábhar a bhfuil baint aige leis an nós imeachta brostaithe nach ndéantar foráil go sainráite maidir leis sa Chinneadh seo ná sa Chomhaontú, déanfaidh na páirtithe díospóideacha iarracht teacht ar chomhaontú maidir leis na rialacha nós imeachta is infheidhme. I gcás nach gcomhaontóidh na páirtithe díospóideacha maidir leis na rialacha nós imeachta is infheidhme, féadfaidh an Comhalta aonair den Bhinse cinneadh a dhéanamh faoin ábhar.

12. I gcomhréir le hAirteagal 8.28 den Chomhaontú, féadfaidh páirtí díospóideach achomharc a dhéanamh i gcoinne dámhachtain arna bhronnadh ag an gComhalta aonair den Bhinse faoi mhír 1(h). Beidh seoladh achomharc agus nósanna imeachta le haghaidh saincheisteanna a tharchur ar ais chuig an mBinse le haghaidh an dámhachtain a choigeartú, de réir mar is iomchuí, faoi réir Airteagal 8.28 den Chomhaontú agus Chinneadh Uimh. 001/2021 ó Chomhchoiste CETA an 29 Eanáir 2021 lena leagtar amach na hábhair riaracháin agus eagraíochtúla a bhaineann le feidhmiú an Bhinse Achomhairc.

**Airteagal 6: Comhdhlúthú éileamh faoin gCinneadh seo**

I gcás go mbeidh ceist dlí nó fíorais i gcoiteann ag dhá éileamh nó níos mó atá faoi réir nós imeachta brostaithe de bhun Airteagal 2(6), agus i gcás go n-eascróidh siad as na himeachtaí nó na himthosca céanna, déanfaidh páirtí díospóideach breithniú tuisceanach ar iarraidh chun na héilimh sin a chomhdhlúthú. I gcás go gcomhaontóidh gach páirtí díospóideach amhlaidh, déanfar na héilimh sin a chomhdhlúthú i gcomhréir le hAirteagal 8.43 den Chomhaontú.

**Airteagal 7: Idirghabháil**

1. Déanfaidh freagróir breithniú tuisceanach ar iarraidh ar idirghabháil más duine nádúrtha nó fiontar beag nó meánmhéide é an t-infheisteoir, agus i gcás nach bhfuil méid na ndamáistí a éilítear níos airde ná coibhéis SDR 40 000 000.

2. Agus breithniú á dhéanamh ag an bhfreagróir an fiontar beag nó meánmhéide é an t-infheisteoir, cuirfidh méid an infheisteora mar fhiontar agus, i gcás go mbeidh an t-éileamh á chur isteach thar cheann fiontair, méid an fhiontair sin san áireamh, lena n-áirítear na tosca seo a leanas: líon na bhfostaithe, láimhdeachas bliantúil, struchtúr úinéireachta, agus aon toisc eile a mheasann an freagróir a bheith ábhartha.[2] Féadfaidh an freagróir faisnéis bhreise a iarradh ar an infheisteoir chun a bhreithniú a éascú maidir le cé acu fiontar beag nó meánmhéide é an fiontar.

3. Tá feidhm ag Airteagal 8.20 den Chomhaontú agus Cinneadh Uimh. 002/2021 ón gCoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht an 29 Eanáir 2021 lena nglactar rialacha le haghaidh idirghabhála lena n-úsáid ag páirtithe díospóideacha i ndíospóidí infheistíochta maidir le hidirghabháil arna chomhaontú ag na páirtithe díospóideacha faoi mhír 1.

**Airteagal 8: Athbhreithniú ar an gCinneadh seo**

Féadfaidh Comhchoiste CETA athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú an Chinnidh seo, lena n-áirítear na breithnithe dá dtagraítear in Airteagail 2(2) agus 7(2), breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí eile chun feabhas a chur ar chumas daoine nádúrtha nó fiontar beag agus meánmhéide a bheith rannpháirteach agus leas a bhaint as na deiseanna arna gcruthú leis an trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gCinneadh seo, de réir mar is iomchuí.

**Airteagal 9 - Téacsanna barántúla**

---

[2] I gcás go mbeidh an tAontas Eorpach nó Ballstát den Aontas Eorpach ina fhreagróir, d'fhéadfaí an Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le 'micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú' (2003/361/CE) a chur san áireamh nuair a bheifear ag cinneadh an fiontar beag nó meánmhéide é an fiontar a bhfuil an iarraidh á cur isteach thar a cheann.

Déantar an Cinneadh seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus gus tá gach ceann de na leaganacha sin chomh barántúil le chéile.

**Airteagal 10 – Teacht i bhfeidhm**

Foilseofar an Cinneadh seo. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm Roinn F (Díospóidí infheistíochta idir infheisteoirí agus stáit a réiteach) de Chaibidil a hOcht (Infheistíocht) den Chomhaontú, faoi réir malartú fógraí i scríbhinn ag na Páirtithe, trí chainéil taidhleoireachta, lena ndeimhnítear go bhfuil na ceanglais agus na nósanna imeachta inmheánacha is gá tugtha chun críche acu.

Arna dhéanamh in/sa …, an …